

Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh

Creat Maoinithe (2018–2020)



Tá cur chuige nua ar mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon ar a dtugaimid *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Creat Maoinithe*. Tá an creat seo bunaithe ar ár straitéis deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh (2016–2025)*.

Mínítear sa cháipéis seo ár gcatagóirí nua maoiniúcháin agus tugtar comhairle maidir leis an gcatagóir is fearr a thacóidh le do chleachtas nó do ghníomhaíochtaí. Ba cheart do gach duine a bhfuil maoiniú ón gComhairle Ealaíon á lorg acu an cháipéis seo a léamh: ealaíontóirí aonair, eagraíochtaí seanbhunaithe nó grúpaí nó comharghrúpaí a bhfuil smaointe acu maidir le saothar a chruthú.

Cén fáth an bhfuil cur chuige nua maidir le maoiniú ann?

Is rímhaith is eol don Chomhairle Ealaíon go bhfuil saothar den scoth, atá nuálach, uailmhianach agus bríomhar á chruthú ag go leor ealaíontóirí ach nach raibh an raon deiseanna acu ar mian leo chun a gcleachtas a fhorbairt agus chun a gcuid smaointe a thabhairt níos faide.

Ag an am céanna, tuigimid nach raibh go leor eagraíochtaí seanbhunaithe in ann pleanáil thar thréimhse ama níos faide ná bliain amháin, rud a laghdaigh a gcumas caidrimh a fhorbairt de réir a chéile, comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú, agus pleanáil go straitéiseach sa todhchaí.

Príomhthiomantas dár bplean Trí Bliana 2017–2019 athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcláir maoinithe, scéimeanna agus tionscnaimh chun na tosaíochtaí in *Saothar Ealaíne Iontach a*

Tháirgeadh a chur i bhfeidhm ina n-iomláine. Bhí an t-athbhreithniú seo beartaithe na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- 🎯 cabhrú linn smaoineamh ar an tslí a ndéanaimid infheistiú san ealaíon agus i gcleachtas na healaíne ar bhealach níos éifeachtaí,
- 🎯 príomhshruthú a dhéanamh ar na tacaíochtaí atá ar fáil d’ealaíontóirí agus d’eagraíochtaí ealaíon, agus
- 🎯 ár bpróisis iarratais, measúnaithe agus cinnteoireachta a shimpliú agus a shoiléiriú.

Is é Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Creat Maoinithe toradh an athbhreithnithe seo.


Cad iad na tosaíochtaí straitéiseacha a dtacaíonn an creat maoinithe seo leo?

Shainnadh an Chomhairle Ealaíon an dá thosaíocht beartais seo a leanas mar chuid dár straitéis deich mbliana¹:

Tá trí réimse pleanála agus cinnteoireachta ainmnithe mar thosaíochtaí againn freisin. Is iad sin:

- 🎯 **An tEalaíontóir:** Tacaítear le healaíontóirí saothar sármhaith a chruthú a mbaintear taitneamh as agus atá luachmhar
- 🎯 **Rannpháirtíocht an Phobail:** Bainfidh níos mó daoine taitneamh as eispéiris ealaíon d'ardchaighdeán

- 🎯 **Straitéis Infheistíochta:** Go n-infheistítear airgead poiblí go héifeachtach chun ár dtosaíochtaí a bhaint amach
- 🎯 **Pleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach:** Go dté soláthar ealaíon dea-phleanáilte chun tairbhe daoine ar fud na hÉireann
- 🎯 **Cumas a Fhorbairt:** Go raibh an fhaisnéis, na scileanna agus an chruthaitheacht ag an gComhairle Ealaíon agus ag an earnáil ealaíon chun an straitéis seo a chur i gcrích



Trí bhíthin athbhreithniú a dhéanamh ar na tosaíochtaí sin, tá cúig chatagóir maoinithe sainaitheanta againn a chabhróidh linn ár spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm.

¹ Straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–2025), Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Tá Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú ar fáil le léamh anseo: <http://www.arts council.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/>

Cad iad na catagóirí maoinithe nua?

Cuimsítear leis na catagóirí sin raon, nádúr agus cuspóir éagsúil na gcineálacha gníomhaíochtaí ealaíon agus gnéithe an tsoláthair ealaíon a aithnímid atá tábhachtach. Is mian linn leanúint orainn ag tacú leo a mhéid is féidir linn laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil dúinn.

Catagóir Maoinithe	Cuspóir	Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?
Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí	Tacú le healaíontóirí aonair ionas go mbeidh siad in ann a gcuid smaointe agus a gcleachtadh a fhorbairt trí bhithin: <ul style="list-style-type: none"> • am saor a ghlacadh chun díriú isteach ar a gcleachtadh ealaíne, • taisteal chun foghlaim nó chun taithí a fháil ar obair i dtíortha eile, nó • leas a bhaint as deis chónaitheachta in eagraíocht nó institiúid 	Ealaíontóirí aonair agus iad sin amháin
Tionscadal agus Clár	Maoiniú a chur ar fáil ar bhonn iomaíoch chun tacú le daoine aonair, eintitis nó eagraíochtaí d'fhonn: <ul style="list-style-type: none"> • smaoineamh faoi leith a fhorbairt, nó • níos mó ná smaoineamh nó gníomhaíocht amháin a sheachadadh 	<ul style="list-style-type: none"> • Ealaíontóirí aonair • Eagraíochtaí • Eintitis a thagann le chéile d'fhonn tionscadal nó clár oibre a sheachadadh.
Straitéiseach	D'fhonn maoiniú a chur ar fáil ar bhonn iomaíoch chun tacú le heagraíochtaí ealaíon a bhfuil tograí uailmhianacha agus samhlaíocha acu, chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: <ul style="list-style-type: none"> • cuidiú le healaíontóirí a gcleachtadh agus a smaointe a fhorbairt, agus/nó • eispéiris iontacha ealaíon a chur ar fáil don phobal. 	Eagraíochtaí atá bunaithe go foirmiúil agus a bhfuil teist acu maidir le seachadadh sna healaíona.
Comhpháirtíocht	Maoiniú a chur ar fáil chun tacú le húdaráis áitiúla eispéiris ealaíon a sheachadadh do dhaoine ar fud na hÉireann	Oifigí ealaíon na n-údarás áitiúil
Forbairt	Tacú le raon gníomhaíochtaí a leagfar amach chun cuidiú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí forbartha a chuirfidh le rannpháirtíocht agus a spreagfaidh spéis an phobail sna healaíona. <p>Tá dhá chineál clár maoinithe forbartha ann.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cláir i gcomhpháirt le heagraíochtaí tríú páirtí. • Cláir arna mbainistiú go díreach ag an gComhairle Ealaíon 	Ní clár oscailte é maoiniú forbartha. <p>Athróidh an maoiniú forbartha a bheidh á thairiscint ag brath ar ár dtosaíochtaí agus spriocanna.</p>

I Mí na Samhna 2017, foilseoidimid plean infheistíochta le haghaidh 2018. Mar chuid dár bpróiseas pleanála infheistíochta le haghaidh 2018 cinnfimid na suimeanna i ngach catagóir maoinithe. Bunófar an cinneadh ar na tosaíochtaí straitéiseacha foriomlána a chinnfimid is cuí chun ár spriocanna a bhaint amach.

Cathain a bheidh an maoiniú seo ar fáil?

Beidh fáil ar threirdhoiciméid maidir le gach catagóir píosa maith roimh an spriocdháta iarratais.

Maoiniú straitéiseach 2018	Spriocdháta: 7 Meán Fómhair 2017
Maoiniú comhpháirtíochta 2018	Spriocdháta: 7 Meán Fómhair 2017
Maoiniú tionscadal agus clár	Spriocdháta: 8 Feabhra 2018
Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí	Go luath in 2018 – féach suíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon chun mionsonraí a fháil.
Maoiniú forbartha	Leanúnach – féach ar na dátaí ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon